

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 17

RÁITIS TREORACHA

Is bealaí éifeachtacha iad ráitis treoracha chun teachtaireacht a chur in iúl má úsáidimid i gceart iad. Seo roinnt de na dtreoirlínte:

1. Bí **dearfach** i do ráitis in ionad a bheith diúltach.
 - Abair *“siúil ar an gcosán, go raibh maith agat”* in ionad *“ná siúil ar an mbóthar”*
 - Abair *“tá sé in am oibre anois - tosaigh ag obair le do thoil”* in ionad *“stop ag pleidhcíocht agus lean ort leis an obair”*
 - Abair *“cuir suas do lámh más mian leat rud éigin a rá nó a fhiafraí”* in ionad *“ná bí ag caint”*
2. Coinnigh an ráiteas **soiléir** agus **simplí**.
 - Sa Bhéarla tá ‘riail 5 fhocal’ in úsáid, is é sin, ná húsáid ach cúig fhocal in aghaidh na habairte / na treorach, mar shampla *“put the phone away - thanks”*. Ós rud é nach ionann an Ghaeilge agus an Béarla, conas a chuirfeá an prionsabal seo i bhfeidhm sa Ghaeilge? Ráiteas dearfach (4 – 6 fhocal) agus ansin buíochas (4 fhocal).
 - Seachain a lán orduithe ag an am céanna m.sh. *“tabhair amach do leabhar Matamaitice agus tacair matamaitice, leathanach 34, uimhreacha 3-5”*. Má theastaíonn uait a lán orduithe a thabhairt le chéile, scríobh iad ar an gclár nó tabhair ceann / péire i ndiaidh a chéile.
3. Bain úsáid as 'go raibh maith agaibh' le cur in iúl go bhfuil tú ag súil go ndéanfaidh na daltaí an rud a d'iarr tú orthu.
 - *“Socraigí síos, go raibh maith agaibh”*
 - *“Féachaigí an treo seo, go raibh maith agaibh”*
4. Faigh **aird** na ndaltaí ar dtús, ansin lean ort leis an treoir.
 - *“A Shéamuis, (stop agus fan go bhféachfaidh an dalta ort) suigh síos le do thoil”*.
5. Bíodh roinnt nathanna cainte agat chun gnáthnósanna oibre tábhachtacha a chur in iúl:
 - *“Ceithre chos ar an urlár”* le go mbeidh daltaí ina suí i gceart le ceithre chos na gcathaoireach ar an urlár
 - *“lámha suas má tá tú ag éisteacht”* – chun na daltaí ar fad a chur ag éisteacht arís i ndiaidh obair ghrúpaí
 - *“déan do dhícheall”* - spreag daltaí chun a ndícheall a dhéanamh, agus gan a bheith in iomaíocht ach leo féin amháin
6. Má tá dalta **cantalach** / ar tí éirí ionsaitheach:
 - Ísligh do ghlór féin
 - Labhair go mall, go soiléir, go réidh ach bí treallúsach.
 - Úsáid athrá: tabhair an treoir go deas réidh arís is arís amhail is nár tugadh aird ort.
 - Tabhair rogha don dalta: *“is féidir leat leanúint den iompar seo nó a dhul ar ais ag obair. Tá súil agam go mbeidh tú in ann an rogha cheart a dhéanamh”*
7. Tabhair **seal beag ama** don dalta - ná cáin an dalta mura ndéana sé/sí an rud a d'iarr tú air/uirthi lom láithreach. Ná habair *“déan an rud a deirim leat agus déan anois é!”*
8. Tabhair **moladh sonrath** nó **comhartha cinnte** (gan labhairt) (m.sh. sméideadh cinn, ordóg in airde) don dalta le linn dó/dí do threoir a dhéanamh. *“Go raibh maith agat Jane, táim sásta tú a fheiceáil i mbun oibre. Maith an cailín”*.